Forógra – Seathrún (Jeffrey) Sardina mar Ionadaí na nIarchéimithe ag AMLÉ

———————————————————————————

Céard é an fhadhb?

1. Géarchéim taighde agus maireachtála na n-iarchéimithe

Tá géarghá le hathrú mór sa gcóras iarchéime. Fiú dóibh siúd atá ar an ráta pá is airde a fhaightear ó SFI agus IRC faoi láthair, **faigheann siad 22% níos lú ná pá íosta** – agus sin gan trácht ar iarchéimithe ar scoláireachtaí eile a bhíonn níos lú de ghnáth. Móide sin, níl cearta oibre, cearta saoire cosanta (saoire mháithreachais), ná ceardchumainn acu. I gcás na n-iarchéimithe nach as an AE dóibh, caithfidh siad €1000 níos mó a íoc in aghaidh na bliana ar chostais ceadúnais cónaithe (€300) agus ar chostais árachais (€600-700).

Agus ní shin ach leathchuid den fhadhb; tá go leor deacrachtaí eile ann. I measc na fadhbanna eile atá

- Míchothromas agus leatrom in aghaidh iarchéimithe neamh-AE ar thaobh Visa-anna, cead cónaithe, táille, cánacha (agus araile) de
- Easpa rochtain ar spásanna oibre sna choláistí ina bhfuil siad
- Gan pá a fháil i gcomhair múinteoireachta / ullmhúcháin múinteoireachta
- Gan cosaint a fháil i gcoinne ciníochais, gnéasachais, ná leatrom de shaghas ar bith eile san ionad oibre
- Gan rochtain ar chóras idirghabhála má bhíonn fhadhb acu lena gcuid stiúrthóirí
- Agus ar eile

Dá mbarr sin, tá géarchéim brúite isteach ar thaighde agus ar mhaireachtáil na n-iarchéimithe in Éirinn. Tá iarchéimithe ag fágáil a gcuid céimeanna agus ag tabhairt rabhadh soiléir amháin: ná déan céim dochtúireachta in Éirinn. Má leanann an rialtas ar aghaidh leis na polasaithe mar atá, is taighde agus léinn na hÉireann a bheas thíos leis.

An t-aon slí mhaith chun imeacht as an ngéarchéim seo ná cearta oibre a thabhairt do chuile iarchéimí, le pá cothrom agus cosaintí ar na cearta sin de réir an dlí.

2. Géarchéim oideachais tríú leibhéil

Ní géarchéim taighde amháin é seo, ach géarchéim oideachais tríú leibhéil. Is iad na hiarchéimithe na cúntóirí, múinteoirí, agus teagascóirí i ranganna Coláiste iad. **Is ionann ár gcoinníollacha oibre agus coinníollacha foghlama na mac léinn**. Agus tá oideachas coláiste ag titim i ndonas de bharr na géarchéime taighde; go háirithe, de bharr na cúiseanna seo a leanas:

- Is annamh a íoctar as iarchéimithe chun ullmhú do ranganna
- Uaireanta ní íoctar as múinteoireacht ar chor ar bith atá déanta ag iarchéimithe
- Bíonn ar iarchéimithe ábhar nach bhfuil ar eolas acu a múineadh gan chúnamh ó ollaimh
- Is minic gur ghá do lucht iarchéime post eile (nó dhá phost eile) a fháil chun íoc as a gcuid bia agus as a lóistín – agus mar sin níl am acu díriú go láidir ar ábhair a múinteoireachta

Muna rachfar i ngleic leis na fadhbanna seo go luath, ní na múinteoirí, cúntóirí, agus teagascóirí tríú leibhéil in ann maireachtáil in Éirinn – agus is an córas oideachas tríú leibhéil a bheas thíos leis sin.

Céard é an freagra?

1. An Fair Researcher Agreement (FRA)

Sé an freagra ná an Fair Researcher Agreement (FRA) de chuid Eagraíocht Oibre na nIarchéimithe. Siad na pointí is lárnaí den FRA ná:

1. Cearta oibre do gach iarchéimí de réir an dlí
2. Pá cothrom inmhaireachtálaag chuile iarchéimí
3. Coinníollacha cuí oibre – spás oibre agus maoiniú i gcomhair taisteal taighde, comhdhálacha, agus uirlisí taighde san áireamh
4. Cothrom na féinne – go n-íocfadh fostóirí na n-iarchéimithe as costais ceadúnais cónaithe, Visa-anna, árachais sláinte riachtanach, srl. do thaighdeoirí neamh-AE
5. Cearta chun dul ar taisteal, obair allamuigh a dhéanamh, srl. Mar chuid dá gcuid taighde gan bhac gan mhíbhuntáiste dá réir
6. Cearta cónaithe in Éirinn, an cearta clann agus teaghlach a bheith acu gan leatrom. I gcás iarchéimithe neamh-AE, ceart dá gcéile bheith ag obair in Éirinn.
7. Comhaireamh am a chaitear mar iarchéimí ar an am a thógtar chun cead cónaí buan agus saoránacht a bhaint amach
8. Ceart conradh iomlán a bheith ag gach iarchéime a léiríonn go soiléir céard a chaithfidh siad a dhéanamh, céard nach gcaithfidh siad a dhéanamh, agus cén gaol a bheas acu lena gcoláiste

Tá an cumas ag AMLÉ ár nglór agus ár gcuid éileamh a chur chun cinn sa rialtas. **Le géarchéim chomh mór seo in aghaidh ní hamháin iarchéimithe, ní hamháin fochéimithe, ach in aghaidh an chórais oideachas tríú leibhéil ar fad, caithfimid uilig seasamh le chéile** lenár gcearta a fháil agus a chosaint.

2. Eagraíocht Oibre na nIarchéimithe (EOI) (SEIC)

Is é Eagraíochta Oibre na nIarchéimithe (an EOI nó an PWO de réir a ainm i mBéarla) an grúpa a chruthaigh na hiarchéimithe dóibh fhéin lena gcearta-san a chur chun cinn. **An t-aon chaoi chun dul i ngleic leis na fadhbanna atá roimh na hiarchéimithe ná éisteacht leo fhéin.** Má thoghfar mise, úsáidfinn glór agus cumas AMLÉ chun cur le, agus chun seasamh le, gach iarchéimí agus leis an EOI.

Céard iad na pleananna atá agamsa?

Chun an FRA a chur i bhfeidhm, séard a dhéanfaidh mé ná

- Coinneáil i dteagmháil leis na Teachtaí Dála a thug tacaíochta don PWO agus obair leo chun cearta na n-iarchéimithe a chur chun cinn
- Feachtais SF (iarratais Saoráide Faisnéise) agus ceisteanna parlaiminte a chur i gcrích chun eolas a fháil agus chun an brú a choinneáil ar pholaiteoirí agus ar ranna an rialtais
- Feachtais eolais agus meáin sóisialta a chur ar siúl chun cur le tacaíocht dár ngluaisteacht

- Tacú leis an EOI I ngach feachtas dá chuid, cur-le-chéile agóidí agus stailceanna (ar bhonn áitiúil nó náisiúnta), más gá, san áireamh sin
- Eolas ar an FRA a roinnte le gach ionadaí de chuid Aontais Mac Léinn áitiúla, go háirithe na codanna sin a bhaineann go mór lena gcuid oibre

Caithfimid a bheith réidh idirbheartaíocht agus comhráite oscailte a bheith againn le Teachtaí Dála agus leis an rialtas. Ach tá an géarchéim maireachtála chomh dona sin ar iarchéimithe, go háirithe iarchéimithe neamh-AE, nach féidir le cuid mhór againn íoc as bia agus lóistín. Sin gan trácht ar chostais Visa agus cheadúnais chónaithe. Ní féidir linne gan gníomh. Más gá, tá mé lán-sásta agóidí a ullmhú agus a dhéanamh taobh le lucht an EOI. Ach móide sin, **sheasfainn leis an EOI le stailc ar bith a chinnfidís a dhéanamh, go háitiúil nó go náisiúnta,** agus thabharfainn gach cúnamh dóibh ar thaobh ullmhúcháin, cur-le-chéile, agus cur-i-bhfeidhm na stailce.

Cén taithí atá agamsa?

Ceannaireacht

- PhDs' Collective Action Union (mar chuid den EOI anois) – Comhbhunaitheoir agus a chéad Uachtarán
- Eagraíocht Oibre na nIarchéimithe (EOI / PWO) – Comhbhunaitheoir agus ball coiste

Feachtais agus bailiúchán eolais

- Feachtais SF (Saoráil Faisnéise) a chur le chéile agus a sheoladh le heolas a fháil ó choláistí, ó eagraíochtaí maoiniúcháin, agus ó ranna rialtais
- Ceisteanna parlaiminte a chur sa Dáil agus a úsáid le béim agus brú a chur ar ábhair
- Ceanglanna a fhorbairt agus a chruthú idir Aontais mhac léinn agus Cumainn ar leith le seasamh le chéile

Taithí daonlathach

- Toghcháin agus córais vótála sa PCAU
- Rún agus bunreachta a scríobh agus a chur in eagair
- Ullmhú i gcomhair agóidí agus iad a láimhseáil

Cumarsáid agus meáin nuachta

- Cruinnithe le roinnt Teachtaí Dála a chur le chéile agus idirbheartaíochta a dhéanamh leo
- Preas-ráitis a scríobh i gcomhair gníomhartha / tarlúintí éagsúla
- An-taithí le labhairt ar an Raidió ar chúrsaí cearta daoine

Céard eile atá déanta agam? Seo liosta nuachta de rudaí a rinne mé leis na grúpaí éagsúla a bhí agus atá mé páirteach leo:

- Bunú an PWO: https://trinitynews.ie/2023/01/postgraduate-worker-unions-pcau-and-pgwa-to-merge-under-new-name/
- Seoladh an FRA chuig athbhreithniú Harris ar tacaíochtaí do lucht PhD: https://universitytimes.ie/2022/12/pcau-submits-fair-research-agreement-to-review-of-national-phd-supports/

- Agóid ar son cearta lucht PhD: https://universitytimes.ie/2022/09/hundreds-gather-to-protest-phd-student-rights/ agus https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/22145826/
- Achainí chuig Simon Harris: https://universitytimes.ie/2022/07/usi-signs-open-letter-backing-increase-in-postgraduate-research-stipends/ agus https://my.uplift.ie/petitions/fair-pay-for-phd-researchers
  Nuacht foilsithe i Nature: https://www.nature.com/articles/d41586-022-03369-1
- Obair le hExtinction Rebellion: https://www.buzz.ie/news/irish-news/clontarf-firm-fossil-fuel-protest-27593550 agus https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/22178246/ agus https://www.dublinlive.ie/news/clontarf-woman-hits-out-dublin-24608578